C/2026/1954

31.3.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú
(Cás M.12334 — PALOMA RHEEM / GROUPE ATLANTIC)
Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/1954)

1. An 19 Márta 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Paloma Rheem Holdings Co. ('Paloma Rheem', an tSeapáin), faoi rialú KMT Asset Management, Ltd. (an tSeapáin),

— Atlantic Société Française de Développement Thermique ('Groupe Atlantic', an Fhrainc).

Gheobhaidh Paloma Rheem rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Groupe Atlantic ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Monaraíonn agus soláthraíonn Paloma Rheem téitheoirí uisce, soirn gháis, gairis téimh, aerála agus aerchóirithe (TAAC) le haghaidh feidhmeanna cónaithe agus tionsclaíocha, córais faisnéise agus cumarsáide, agus gairis leictreonacha,

— Tá Groupe Atlantic gníomhach san earnáil TAAC, agus is speisialtóir é i ndearadh, monarú agus dáileadh réiteach compoird theirmigh le haghaidh feidhmeanna cónaithe agus tráchtála.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12334 — PALOMA RHEEM / GROUPE ATLANTIC

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.